


<p>Staitisticí An Roinn Oideachais agus Scileanna Bloc 2 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1 D01 RC96</p>		<p>Statistics Department of Education and Skills Block 2 Marlborough Street Dublin 1 D01 RC96</p>
--	---	---

Dáta: 07/09/2015

Imlitir Uimhir: 0050/2015

Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne

Chuíg: Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Scoileanna Speisialta

Réamhrá

Le blianta beaga anuas, bhí mórán éilimh go mbunófaí bunachar sonraí aonair do bhunscoileanna. Tháinig an t-éileamh seo ó fhoinsí éagsúla mar scoileanna, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, comhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumann, an tArdreachtair Cuntas agus Ciste, an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta, an Príomh-Oifig Staidrimh, agus grúpaí agus carthanais a oibríonn ar son leanáí.

Feidhmeoidh an Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne mar uirlis fhíorthábhachtach i gcomhair riaracháin agus bainistíochta chun oibleagáidí na Roinne faoi Alt 6 agus 7 den Acht Oideachais 1998 a shásamh. Tá tábhacht bhunúsach ag baint le sonraí aonair ar scoláirí ag leibhéal na bunscoile chun freastal ar an riachtanas atá againn le faisnéis atá ábhartha agus tráthúil chun leas oideachasúil scoláirí bunscoile a chinntiú, chun monatóireacht leordhóthanach a dhéanamh ar na riachtanais atá ag foghrúpaí leochaileacha agus freastal ar na riachtanais sin agus chun a chinntiú go bhfuil an t-aistriú ón gcóras bunscoile go dtí an córas iar-bhunscoile á dhéanamh ag gach leanbh.

Úsáidfí an bunachar sonraí uimhreacha PSP mar aitheantóirí uathúla agus cuideoidh sé leis an Roinn faisnéis rithábhachtach a bhailiú faoi dhul chun cinn scoláirí bunscoile tríd an gcóras oideachais agus an tionchar a bhíonn ag idirghabháil oideachasúil. Bainfear úsáid as chun táscairí a sholáthar maidir leis na nithe atá ag feidhmiú inár gcóras oideachais agus na nithe nach bhfuil, chomh maith le faisnéis ábhartha atá cothrom le dáta a chur ar fáil i gcomhair pleanála agus leithdháileadh acmhainní sa todhchaí. Tá bunachair sonraí den chineál céanna bunaithe cheana féin ag leibhéal eile oideachais. Le himeacht aimsire, tá an Roinn muiníneach, ní hamháin go laghdóidh an bunachar an t-ualach riaracháin agus an comhlánú foirmeacha ar scoileanna agus ar thuismitheoirí ach go mbeidh ról rithábhachtach aige ag buntacú le soláthar oideachais do gach scoláire bunscoile.

Tá an Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne (POD) á chur i bhfeidhm ar fud an chórais scoile speisialta. Tá sé mar chuspóir ag an imlitir seo aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna agus ar na hábhair inní a thiocfaidh chun cinn le linn na tréimhse ina líonfar na sonraí agus soiléireacht agus treoir a thabhairt do scoileanna lena chinntiú go bhfuil gach scoláire iontráilte ar POD ar mhaithe le híocaíochtaí deontais agus leithdháileadh múinteoirí.

Ábhar

1. *Próiseáil Sonraí agus cosaint sonraí*

Tá Fógra um Phróiseáil Chóir POD a bhaineann go sonrath le hearnáil na scoileanna speisialta agus a thugann breac-chuntas ar bhunús dlíthiúil POD agus beartas coinneála POD ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.education.ie. Tugann an Fógra um Phróiseáil Chóir breac-chuntas ar

an mbunús dlíthiúil faoinar féidir le scoileanna uimhir PSP a linbh a iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara go gcoinneofar sonraí so-aitheanta, faoi bheartas coinneála POD, go dtí an dáta ar a sroicheann an scoláire 25 bliain d'aois agus ina dhiaidh sin ní bheidh aon ainm luaite leis na sonraí. Táthar á chur in iúl do scoileanna nach mbeidh rochtain acu a thuilleadh ar thaifid so-aitheanta ar POD ón bpointe sin ar aghaidh agus ba chóir dóibh a bheith feasach air seo nuair a bhíonn a mbeartais chosanta féin á gceapadh acu maidir le coimeád taifead agus cosaint sonraí.

Faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán, tiocfaidh POD in áit an cheanglais éigeantaigh atá ar scoileanna faoi láthair cóip chrua den Chlárleabhar a choinneáil. Más mian le scoil cóip chrua den Chlárleabhar a choinneáil fós is féidir sin a dhéanamh ach ní ceanglas éigeantach a bheidh ann. Tá cur síos ar an athrú seo ar na socrúithe reatha in imlitir eile (0033/2015) a d'eisigh Rannóg Rialachais Scoile na Roinne.

D'fhéadfadh sé gur ghá do roinnt scoileanna sonraí POD a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse choinneála atá ceaptha ag an Roinn do POD. Cuirfidh an Roinn, i gcomhar le comhlachtaí bainistíochta scoile, próiseas ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh do scoileanna maidir le hábhar áitiúil POD a asbhaint sula mbaintear faisnéis atá so-aitheanta go haonarach. Ba chóir do scoileanna aon ábhar mar sin a asbhaintear ó POD a stóráil agus a choinneáil go slán de réir a gcuid oibleagáidí mar rialaitheoirí sonraí.

Maidir leis na foirmeacha páipéir a úsáidtear chun sonraí a chur in POD, éilíonn an Roinn go gcoinneofaí taifead den toiliú i scríbhinn don dá athróg phearsanta atá íogair (reiligiún agus cúlra eitneach/cultúrtha) i gcomhair iniúchadh sa scoil chomh fada agus atá gach scoláire ar an rolla. Mura dteastaíonn na taifid seo ó scoileanna chun a gcríocha féin tar éis na tréimhse sin, is féidir iad a chur de lámh go slán chomh luath agus a fhágann an scoláire an scoil. Seachas an taifead den toiliú, ní éilíonn an Roinn go gcoinneodh scoileanna taifid de shonraí a bailíodh ó thuismitheoirí i gcomhair POD agus mar sin, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna na foirmeacha páipéir seo de lámh mura dteastaíonn siad ón scoil chun críocha riaracháin (m.sh má bailíodh an fhaisnéis mar chuid d'fhoirm rollaithe na scoile féin).

Tugann an láithreán gréasáin dataprotectionschools.ie treoir a bhaineann go sonrach leis an earnáil chun cuidiú le scoileanna sa réimse reachtaíochta a bhaineann le cosaint sonraí agus tugtar samplaí, samhla de bheartais, cóid chleachtais agus naisc úsáideacha le hacmhainní eile.

2. *Sonraí a roinnt le comhlachtaí eile*

Tugann an Fógra um Phróiseáil Chóir breac-chuntas ar na comhlachtaí a bhfuil sé i gceist ag an Roinn sonraí a roinnt leo, agus na coinníollacha faoina roinnfear na sonraí. Is ann d'fhoráil reachtach do gach socrú atá beartaithe maidir le roinnt sonraí do POD. Tabhair do d'aire nach ionann an téarma "roinnt sonraí" agus go mbeidh rochtain dhíreach ag na comhlachtaí lena roinntear na sonraí ar POD.

3. *Rochtain ar POD laistigh de scoileanna*

Tá freagracht chineachta ar scoileanna maidir le rochtain ar POD a sholáthar don fhoireann laistigh dá gcuid scoileanna agus an ról esinet "Riarthóir Áitiúil" á úsáid acu, ar féidir é a úsáid chun ról a bhaineann le rochtain ar POD amháin a shannadh do bhaill foirne. Ba chóir do scoileanna a chinntiú nach dtugtar rochtain ar POD ach amháin do bhaill foirne a dteastaíonn rochtain uathu chun sonraí a iontráil agus a chothabháil agus a chinntiú nach dtugtar rochtain ach amháin don tréimhse a theastaíonn chun sin a dhéanamh.

Mar eolas do scoileanna agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí, tugann an Fógra um Phróiseáil Chóir do POD breac-chuntas ar an gcaoi a ndéantar sonraí a stóráil agus ar an gcaoi a bhfaighfear rochtain orthu laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna.

4. *Na Ceanglais atá ar scoileanna a chinntiú go ndéantar gach scoláire a áireamh ar POD chun críocha íocaíochtaí caipitíochta.*

Ó 2016/2017 ar aghaidh beidh an líon ar an rolla ar POD mar bhunús le híocaíochtaí caipitíochta. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh taifead ar POD i gcomhair gach scoláire atá ar rolla na scoile. Beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le sonraí a chur ar POD don bhliain acadúil 2015/2016 ar aghaidh:

- 1) Maidir le gach rollú nua i scoileanna speisialta ó 2015/2016 ar aghaidh, ní mór do scoileanna a chinntiú go gcuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go hiomlán faoin gceanglas atá ar scoileanna sonraí a aistriú chuig POD agus ba chóir go gcuirfí tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go hiomlán go bhfuil sonraí a linbh á dtabhairt acu chun na críche sin, chomh maith lena dtabhairt ar mhaithe le riarachán scoile go háitiúil. Ba chóir go mbeadh sé seo ar eolas ag scoileanna nuair a bhíonn scoláirí nua á gcur ar an rolla acu ina scoil féin sa todhchaí.
- 2) Maidir le scoláirí atá ar an rolla cheana féin don scoilbhliain acadúil 2015/2016, tuigeann an Roinn go bhféadfadh líon beag tuismitheoirí/caomhnóirí imní a léiriú faoi shonraí atá curtha ar fáil acu cheana féin acu don scoil le haghaidh úsáid na scoile a bheith á n-aistriú ar aghaidh chuig POD. Tá Fógra um Phróiseáil Chóir le cumarsáid shoiléir ullmhaithe, agus iarrtar ar scoileanna a chur in iúl do thuismitheoirí/ chaomhnóirí go bhfuil an fhaisnéis seo ar fáil anois ar láithreán gréasáin na Roinne.

Tá an Roinn sásta go bhfuil bunús soiléir dlíthiúil ann chun sonraí a aistriú ar aghaidh ó scoileanna chuig POD agus tá súil aici go gcuirfidh an fhaisnéis soiléireacht agus athdhearbhú ar fáil d'aon tuismitheoirí a bhféadfadh imní a bheith orthu. Mar sin féin, sa líon beag cásanna ina gcuireann tuismitheoir scoláire atá ar rolla na scoile faoi láthair (i. e. ar an rolla sa bhliain acadúil 2015/2016) go láidir in aghaidh sonraí a chur ar aghaidh chuig POD, aithníonn an Roinn go gcaithfear socrú praiticiúil a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirfí as do scoileanna ar bhealach diúltach agus gur féidir taifead a dhéanamh do gach scoláire ar POD. Dá bhrí sin, beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm do na cásanna sin:

- a. Beidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a leanann de bheith ag cur i gcoinne sonraí a bheith á gcur ar aghaidh chuig POD a gcuid agóidí a dhéanamh i scríbhinn chuig an scoil le go gcuirfí a mianta i gcrích. Tabhair do d'aire **nach** leor agóidí ó bhéal ina leith seo, mar go n-éileoidh an Roinn ar scoileanna taifid d'agóidí i scríbhinn a choinneáil, agus ba chóir go gcuirfeadh an scoil in iúl do thuismitheoirí nach gcuireann a gcuid agóidí i scríbhinn, ina éagmais sin go gcuirfead a dtaifead ar aghaidh chuid POD laistigh de thréimhse ceithre seachtaine. Ba chóir go dtabharfaí gach deis do thuismitheoirí/chaomhnóirí a dhéanann agóid a gcuid agóidí a dhéanamh i scríbhinn chuig an scoil.
- b. Is féidir le scoileanna a fhaigheann litir ó thuismitheoir ag cur a gcuid agóidí in iúl maidir le sonraí a chur ar aghaidh chuig POD taifead páirteach a chruthú don scoláire sin ar POD, ag úsáid na dtreoirínte atá ar fáil ar iarratas ó dheasc chabhrach POD. Cinnteoidh sé seo go gcruthaítear taifead don scoláire a dhéanfar a áireamh i gcomhair íocaíochtaí caipitíochta.
- c. Beidh ar scoileanna, ón mbliain acadúil 2016/2017, taifead a bheith acu ar POD i leith gach scoláire atá ar an rolla acu. I gcás na scoláirí sin atá ar an rolla agus a bhfuil taifead páirteach cruthaithe ina leith (féach (b) thuas), ní mór go mbeadh litir chomhfhreagrach ó thuismitheoir an scoláire sin ag déanamh agóide in aghaidh sonraí áirithe a aistriú ar fáil ar chomhad sa scoil. Ní mór go mbeadh na taifid sin ar fáil lena n-íniúchadh sa todhchaí ar iarratas ó Chigireacht na Roinne.
- d. Tá sé curtha in iúl ag Rannóg Rialachais Scoileanna na Roinne go bhfuil scoil a chomhlíonann gach ceanglas thuas agus a bhfuil taifead páirteach aici i leith scoláire atá ag an scoil faoi láthair nó scoláire nua ar an rolla don bhliain scoile 2015/2016 incháilithe chun leas a bhaint as na socruithe simplithe nuashonraithe chun taifid rollaithe agus tinrimh a choinneáil (Clárleabhar, Leabhar Rolla agus Leabhar Tinrimh Laethúil). Mar sin féin, ní mór Clárleabhar a choinneáil do na scoláirí sin a bhfuil taifead POD páirteach acu.

5. Cálíocht na Sonraí

Ba chóir go ndéanfadh scoileanna gach dícheall chun sláine na faisnéise a sholáthraíonn siad do POD a chinntiú. Má tá imní maidir le cruinneas na faisnéise a cuireadh ar fáil, d'fhéadfadh scoileanna an fhaisnéis seo a chinntiú leis an tuismitheoir/caomhnóir. Mar sin féin, tar éis an fhaisnéis a dheimhniú leis an tuismitheoir/caomhnóir, ní mór don scoil an fhaisnéis a chur isteach faoi mar a soláthraíodh é.

Cuireadh roinnt ceisteanna maidir leis an gceist ar náisiúntacht. Is faoi thuismitheoirí/chaomhnóirí atá sé sainmhíniú a dhéanamh ar chúrsaí náisiúntachta agus ní faoi na scoileanna.

Maidir leis an gceist ar Chúlra Eitneach agus Cultúrtha - ba chóir an fhaisnéis a sholáthar faoi mar a shainmhíniú an tuismitheoir/caomhnóir é.

Faoi láthair, ba chóir go mbeadh scoileanna ag fáil toiliú ó thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le scoláirí ar baill den Lucht Siúil iad a shainmhíniú do na tuairisceáin ar Dhaonáireamh Bliantúil na Scoileanna Náisiúnta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar son an lucht siúil in Éirinn ag tacú go hiomlán leis an gceist seo a bheith san áireamh.

Chun cáilíocht na sonraí a fuarthas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú, ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar gach iarracht cuidiú le thuismitheoirí/chaomhnóirí chun aon fhoirm a bhaineann le bailiú sonraí a chomhlánú nuair a bhíonn deacracht teanga i gceist.

6. Catagóir Chaipitíochta

Úsáidtear athróg na Catagóire Caipitíochta a bhailítear chun an ráta cuí caipitíochta a íoc le do scoil i leith gach scoláire. Tá trí chatagóir a fhreagraíonn do thrí ráta íocaíochta faoi leith (nó dhá chatagóir do leanaí atá dhá bhliain déag d'aois nó os a chionn) agus ba mar seo a leanas a bhí siad ar an 1 Meán Fómhair 2014

		€	€
Catagóir Chaipitíochta		Faoi 12 bhliain	12 bhliain agus os a chionn
Catagóir 1	Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom	544	819
	Sain-mhíchumas Foghlama		
Catagóir 2	Lagamharc	819	819
	Lagú Éisteachta		
	Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach		
	Suaithheadh Mothúchánach		
	Míchumas Fisiceach		
Sain-neamhord Teanga agus Urlabhra			
Catagóir 3	Bodhar Amach is Amach	840	840
	Míchumas Foghlama Ginearálta Trom/Dian		
	Suaithheadh Mothúchánach Trom		
	Uathachas/Neamhord de chuid Speictream an Uathachais		
	Il-mhíchumais		

7. Leagan Gaeilge de POD

Tá leagan Gaeilge de POD do Scoileanna Speisialta ar fáil freisin. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi dear go bhfuil an cháipéisíocht ar fad a bhaineann le POD ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

8. An limistéar nótaí in POD

Meabhraítear do scoileanna nach bhfuil an limistéar nótaí i gcuid na scoláirí de POD infheicthe ach amháin do scoileanna agus nach féidir leis an Roinn rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin. D'fhéadfadh scoileanna smaoineamh ar an limistéar seo a úsáid ar bhealach caighdeánaithe i gcomhair tascanna riaracháin chun críocha scoile amháin. Ní rachaidh an fhaisnéis seo in éineacht leis an scoláire nuair a aistríonn sé/sí chuig scoil eile. Tá limistéar nótaí tráchta na Scoile/na Roinne Oideachais agus Scileanna i gcuid na scoileanna de POD le feiceáil ag an scoil agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus níor chóir é a úsáid chun faisnéis phearsanta a stóráil, ná níor chóir é a úsáid chun ceisteanna a sheoladh chuig an Roinn.

Sínithe:

Nicola Tickner, Staitisteoir, An Rannóg Staitistice, An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Teagmhálacha

Guthán: 01-8892311

Ríomhphost: POD@education.gov.ie

Facs: 01-8896419

Gréasán: www.education.ie